GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH Uimh 1/2023 ÓN BHFOCHOISTE SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA IDIR AN TAONTAS AGUS AN TSEOIRSIA

An 6 Márta 2023

lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais [2023/812]

AN FOCHOISTE SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 55 agus 65 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

(2) De bhun Airteagal 55(1) den Chomhaontú, déanfaidh an tSeoirsia a bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, leasa ainmhithe agus bearta reachtacha eile an Aontais mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a chomhfhogasú de réir a chéile.

(3) Le hAirteagal 65 den Chomhaontú, bunaíoadh an Fochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ("an Fochoiste SPS" lena mbreithnítear aon ábhar a bhaineann le Caibidil 4 (bearta Sláintíochta agus fíteashláintíochta) de Theideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil) den Chomhaontú, lena n-áirítear a chur chun feidhme, agus tugtar de chumhacht dó Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a athbhreithniú agus a mhodhnú.

(4) Ó glacadh Cinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia ([2]), rinneadh roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a aisghairm agus cuireadh gníomhartha dlí nua de chuid an Aontais in ionad cuid de na gníomhartha dlí aisghairthe sin de chuid an Aontais, agus tá a n-éifeacht dhlíthiúil sin ídithe ag gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, measann na Páirtithe sa Chomhaontú nach bhfuil líon teoranta gníomhartha dlí de chuid an Aontais ábhartha maidir leis an tSeoirsia ós rud é nach bhfuil siad infheidhme ach maidir le Ballstáit an Aontais.

(5) Is gá, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun forás acquis an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn sin a léiriú agus chun í a ionadú. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse ar lena linn a bheidh an tSeoirsia chun a reachtaíocht a chomhfhogasú le gníomhartha dlí nua an Aontais. Dá réir sin, ba cheart spriocdhátaí nua do chomhfhogasú reachtaíocht na Seoirsia do ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a shonrú ann.

(6) Is iomchuí don Fhochoiste SPS cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur san áireamh,

([1]) IO AE L 261, 30.8.2014, lch. 4.
([2]) Cinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia an 7 Márta 2017 lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais (IO L 98, 11.4.2017, lch. 22).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhodhnú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus cuirtear in ionad iad.

Airteagal 2.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh in Tbilisi, an 6 Márta 2023.

Chun an Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia

Na comhchathaoirligh:

Koen Van Dyck Nino Tandilashvili

Rúnaithe:

Jan Bloemendal Lasha Inauri

IARSCRÍBHINN

MODHNÚ AR IARSCRÍBHINN XI-B A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHLACHAIS

Déantar leis seo Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais a mhodhnú agus léifear mar a leanas í:

"IARSCRÍBHINN XI-B

LIOSTA DE REACHTAÍOCHT AN AONTAIS ATÁ LE COMHFHOGASÚ AG AN TSEOIRSIA

I gcomhréir le hAirteagal 55(1) den Chomhaontú seo, déanfaidh an tSeoirsia a reachtaíocht a chomhfhogasú don reachtaíocht Aontais seo a leanas laistigh de na tréimhsí ama a liostaítear thíos.

	Reachtaíocht an Aontais	Spriocdháta don chomhfhogasú
	Roinn 1 - Tréidliacht	
1.	Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le lipéadú mairteola agus táirgí mairteola agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle.	2015
2.	Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú	2016
3.	Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002.	2017
4.	Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin.	2017
5.	Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle.	2017
6.	Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2018
7.	Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus oibreáin zónóiseacha bhia-iompartha a rialú.	2019
8.	Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2006 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le húsáid modhanna rialaithe sonracha faoi chuimsiú na gclár náisiúnta um rialú de salmonella in éanlaith chlóis.	2019
9.	Treoir 2006/130/CE ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2006 cur chun feidhme Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le critéir a bhunú chun táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe le haghaidh bia-ainmhithe a dhíolmhú ón gceanglas maidir le hoideas tréidliachta.	2019

10.	Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le ceanglais a leagan síos i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe.	2019
11.	Rialachán (CE) Uimh. 141/2007 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2007 maidir le ceanglas formheasa i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh bunaíochtaí gnóthais beatha a mhonaraíonn nó a chuireann breiseáin bheatha den chatagóir coicideastat agus histeamonastat ar an margadh.	2019
12.	Treoir 82/475/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1982 lena leagtar síos na catagóirí d'ábhair bheatha a fhéadfar a úsáid chun ábhair bheatha chumaisc a lipéadú do pheataí.	2020
13.	Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/373/CEE ón gComhairle, 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún.	2020
14.	Moladh 2011/25/AE ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 lena mbunaítear treoirlínte maidir le hidirdhealú idir ábhair bheatha, breiseáin bheatha, táirgí bithicídeacha agus táirgí íocshláinte tréidliachta.	2020
15.	Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2013 maidir leis an gCatalóg d'ábhair bheatha.	2020
16.	Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha.	2021
17.	Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe.	2021
18.	Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú.	2021
19.	Rialachán (CE) Uimh. 2015/1375 an 10 Lúnasa 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil.	2021
20.	Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta.	2022
21.	Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint:	2022
22.	Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint.	2022
23.	Rialachán (CE) Uimh 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 maidir le ainmhithe a chosaint tráth an mharaithe.	2022
24.	Treoir 2002/4/CE ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2002 maidir le clárú bunaíochtaí ina gcoimeádtar béaróga, a chumhdaítear le Treoir 1999/74/CE ón gComhairle.	2022
25.	Treoir 2007/43/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun sicíní a choimeádtar chun críocha tairgeadh feola a chosaint.	2022
26.	Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1997 maidir le critéir an Chomhphobail le haghaidh poist rialúcháin agus lena leasaítear an plean bealaigh dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 91/628/CEE.	2022

27.	Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CE agus Treoir 93/119/AE agus Rialachán (CE) Uimh 1255/97.	2022
28.	Treoir 1999/74/CE ón gComhairle an 19 Iúil 1999 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun béaróga a chosaint.	2023
29.	Rialachán (AE) Uimh. 101/2013 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2013 maidir le húsáid aigéid lachtaigh chun éilliú dromchla micribhitheolaíoch ar bhó-chonablaigh a laghdú.	2023
30.	Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle.	2023
31.	Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe.	2023
32.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/160 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena leagtar síos íosmhinicíochtaí aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla áirithe lena bhfíoraítear go bhfuil ceanglais an Aontais maidir le sláinte ainmhithe á gcomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1505/2006.	2023
33.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach.	2024
34.	Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE.	2024
35.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/671 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ar ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus geirmeacha, gníomhaíocht leantach le déanamh ag an údarás inniúil i gcás neamhchomhlíonta na rialacha sainaitheanta agus clárúcháin le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair nó i gcás neamhchomhlíonta bó-ainmhithe áirithe le linn a bheith ar idirthuras tríd an Aontas, agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 494/98.	2024
36.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú.	2025
37.	Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe').	2025
38.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, chun coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a chur isteach san Aontas agus maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir le deimhnithe den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE.	2025

39.	Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/2035 an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus maidir le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe ar coimeád agus uibheacha goir.	2026
40.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin.	2026
41.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha faireachais, clár díothaithe, agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe liostaithe agus do ghalair atá ag teacht chun cinn.	2026
42	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2027
43	Treoir 90/428/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le trádáil in eachainmhithe atá beartaithe le haghaidh comórtais agus ag leagan síos na gcoinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta ann.	2027
44.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008.	2027
45.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2015 lena leagtar síos rialacha de bhun Threoir 90/427/CEE agus Threoir 2009/156/CE maidir leis na modhanna chun eachainmhithe a shainaithint.	2027
46.	Rialachán (AE) 2020/354 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena mbunaítear liosta d'úsáidí beatha atá beartaithe chun críocha cothaitheacha áirithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/38/CE.	2028
47.	Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe")	2028
	Roinn 2 – Sábháilteacht bia	
48.	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia.	2015
49.	Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair.	2015
50.	Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch.	2015
51.	Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh bia-ábhair.	2015

52.	Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le táirgí áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus (CE) Uimh. 854/2004.	2015
53.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2011 maidir le gceanglais inrianaitheachta a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le bia de de bhunadh ainmhíoch.	2015
54.	Cinneadh 97/747/CE ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 1997 lena socraítear leibhéil agus minicíochtaí na samplála dá bhforáiltear i dTreoir 96/23/CE ón gComhairle chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair i dtáirgí áirithe ainmhithe.	2015
55.	Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE.	2015
56.	Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia.	2015
57.	Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena leagtar amach uasleibhéil le haghaidh éilleán áirithe i bhia-ábhair.	2015
58.	Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle.	2016
59.	Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún.	2016
60.	Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna.	2016
61.	Rialachán (AE) Uimh. 1047/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le liosta na maímh cothaithe.	2016
62.	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/63 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2013 lena nglactar treoirlínte maidir le cur chun feidhme coinníollacha sonracha le haghaidh maímh sláinte a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2016
63.	Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia.	2016
64.	Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur i mbianna.	2016
65.	Rialachán (CE) Uimh. 1170/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na liostaí de vitimíní agus de mhianraí agus a bhfoirmeacha is féidir a chur le bianna, lena n-áirítear forlíontaí bia.	2016

66.	Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha iarmhar i mbia-ábhair de bhunadh ainmhíoch.	2016
67.	Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia-ábhair.	2016
68.	Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúile agus éilleán próiseála in earraí bia.	2016
69.	Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann bia-ábhar.	2017
70.	Cinneadh 92/608/CEE ón gComhairle an 14 Samhain 1992 lena leagtar síos modhanna chun anailís agus tástáil a dhéanamh ar bhainne teaschóireáilte lena chaitheamh ag an duine.	2017
71	Rialachán (CE) Uimh. 645/2000 ón gCoimisiún an 28 Márta 2000 lena leagtar amach na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme is gá maidir le feidhmiú cuí forálacha áirithe d'Airteagal 7 de Threoir 86/362/CEE ón gComhairle agus d'Airteagal 4 de Threoir 90/642/CEE ón gComhairle maidir leis na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i ngránaigh agus i dtáirgí de bhunadh plandaí agus orthu, lena n - áirítear torthaí agus glasraí, faoi seach.	2017
72.	Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 307/2012 an 11 Aibreán 2012 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia.	2017
73.	Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún.	2017
74.	Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus nithe a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 98/109/CEE.	2018
75.	Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus le lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus maidir le hinrianaitheacht táirgí bia agus táirgí beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE.	2018
76.	Moladh 2004/787/CE ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2004 maidir le treoir theicniúil chun orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus ábhar a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe a shampláil agus a bhrath mar tháirgí nó i dtáirgí i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003.	2018
77.	Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe	2018
78.	Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2019

79.	Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún	2019
80.	Moladh 97/618/CE ón gCoimisiún an 29 Iúil 1997 maidir leis na gnéithe eolaíocha agus cur i láthair na faisnéise is gá chun tacú le hiarratais ar bhianna núíosacha agus ar chomhábhair núíosacha bia a chur ar an margadh agus chun tuarascálacha measúnaithe tosaigh a ullmhú faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2019
81.	Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2006 maidir le dea-chleachtas monaraíochta d'ábhair agus d'earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia.	2019
82.	Rialachán (CE) Uimh. 641/2004 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2004 maidir le rialacha mionsonraithe i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar údarú bia ghéinmhodhnaithe nua agus beatha ghéinmhodhnaithe nua, le fógra a thabhairt i leith táirgí atá ann cheana agus le hábhar géinmhodhnaithe a bheith ann go hóg nó go teicniúil, ar ábhar é a chuaigh chun tairbhe do mheastóireacht fhabhrach riosca.	2019
83.	Moladh 2013/165 ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le tocsain T-2 agus HT-2 a bheith i láthair i ngránaigh agus i dtáirgí gránach.	2019
84.	Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97.	2020
85.	Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE.	2020
86.	Rialachán (AE) Uimh. 873/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta idirthréimhseacha a bhaineann le liosta an Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008.	2020
87.	Treoir 78/142/CEE ón gComhairle an 30 Eanáir 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hábhair agus le hearraí ina bhfuil monaiméir de chlóiríd vinile agus atá ceaptha teacht i dteagmháil le bia-ábhair.	2020
88.	Treoir 92/2/CEE ón gCoimisiún an 13 Eanáir 1992 lena leagtar síos an nós imeachta samplála agus modh anailíse an Chomhphobail chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar theochtaí bianna mear-reoite atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.	2020
89.	Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia-ábhar mear-reoite mar bhia don duine.	2020
90.	Rialachán (CE) Uimh. 37/2005 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2005 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar theochtaí i modhanna iompair, trádstórála agus stórála bia-ábhair mear-reoite a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine.	2020
91.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 872/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 lena nglactar an liosta de shubstaintí blaistithe dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena dtugtar isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1565/2000 ón gCoimisiún agus Cinneadh 1999/217/CE ón gCoimisiún.	2021

92.	Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna.	2021
93.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena mbunaítear liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe atá le húsáid mar tháirgí den sórt sin i mbianna nó ar bhianna agus/nó chun blastáin deataigh díorthaithe a tháirgeadh.	2021
94.	Treoir 93/11/CEE ón gCoimisiún an 15 Márta 1993 maidir le scaoileadh N-nítreasaimíní agus substaintí N-In-nítreasáithithe as siní leaistiméire nó rubaire agus gobáin.	2021
95.	Rialachán (CE) Uimh. 1895/2005 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2005 maidir le srian ar úsáid díorthach áirithe eapocsa in ábhair agus earraí a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le bia.	2021
96	Rialachán (CE) Uimh. 1882/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse maidir le leibhéil níotráití i mbia-ábhar áirithe a rialú go hoifigiúil.	2021
97.	Cinneadh 86/474/CEE ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 1986 maidir le cur chun feidhme na n-iniúchtaí ar an láthair atá le déanamh i ndáil le bó-ainmhithe agus muca agus feoil úr a allmhairiú ó thíortha nach Ballstáit iad.	2022
98.	Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forlíontaí bia.	2022
99.	Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe teacht i dteagmháil le bia.	2022
100.	Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huiscí mianraí a shaothrú agus a mhargú.	2022
101.	Treoir 2003/40/CE ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2003 lena mbunaítear liosta, teorainneacha tiúchana agus ceanglais lipéadaithe maidir le comhábhair uiscí mianraí nádúrtha agus na coinníollacha maidir le haer saibhrithe ózóin a úsáid chun cóireáil a dhéanamh ar uiscí mianraí nádúrtha agus ar fíoruiscí.	2022
102.	Treoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid imshrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe.	2022
103.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1337/2013 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2013 lena leagtar síos rialacha do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tír thionscnaimh nó bunáitíocht feola úire, fuaraithe agus reoite muc, caorach, gabhar agus éanlaithe clóis a shonrú.	2022
104.	Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha.	2022
105.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún.	2022
106.	Rialachán (AE) Uimh. 115/2010 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2010 lena leagtar síos na coinníollacha maidir le húsáid alúmana gníomhachtaithe chun fluairíd a bhaint as uiscí mianraí nádúrtha agus as uiscí fíoruisce.	2023

107.	Cinneadh 2000/608/CE ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2000 maidir leis na nótaí treorach i ndáil le measúnú riosca a ndéantar cur síos orthu in Iarscríbhinn III de Threoir 90/219/CEE maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe.	2023
108.	Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le substaintí neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/34/CE.	2023
109.	Treoir 82/711/CEE ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 1982 lena leagtar síos na bunrialacha is gá chun imirce na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia a thástáil.	2023
110.	Treoir 84/500/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí ceirmeacha a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le hearraí bia.	2023
111.	Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún an 26 Feabhra 1996 maidir le bianna atá ceaptha lena n-úsáid i réimeanna bia atá srianta ó thaobh fuinnimh de chun meáchan a laghdú.	2023
112.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) an 22 Márta 2021 ón gCoimisiún maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe, agus maidir le torthaí a léirmhíniú agus, ina theannta sin, maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE.	2023
113.	Rialachán (AE) Uimh. 210/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le formheas ar bhunaíochtaí a tháirgeann eascróga de bhun Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	2024
114.	Rialachán (AE) Uimh. 579/2014 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2014 lena ndeonaítear maolú ar fhorálacha áirithe d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiompar olaí agus saillte leachtacha ar muir.	2024
115.	Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2012 lena mbunaítear liosta de mhaímh shláinte atá ceadaithe a dhéantar maidir le bianna, seachas na bianna a thagraíonn do bhaol galar a laghdú agus d'fhorbairt agus do shláinte leanaí.	2024
116.	Treoir 85/572/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1985 lena leagtar síos liosta na n-ionsamhlaitheoirí atá le húsáid chun imirce a thástáil i gcás comhpháirteanna d'ábhair phlaisteacha agus earraí a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le bia-ábhair.	2024
117.	Rialachán (CE) Uimh. 124/2009 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2009 lena socraítear uasleibhéil na gcoicideastat agus na histeamonastat i mbia a eascraíonn as tuliompar dosheachanta na substaintí sin i mbeatha nach spriocbheatha í.	2024
118.	Treoir 2007/42/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 maidir le hábhair agus earraí déanta de scannán ceallalóis athghinte a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le bia-ábhair.	2024
119.	Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)	2024

120.	Moladh 2013/711/AE ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2013 maidir le láithreacht dé-ocsainí, fúrán agus PCBanna i mbeatha agus i mbia a laghdú.	2025
121.	Moladh 2006/794/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil chúlra dé-ocsainí, PCBanna atá cosúil le dé-ocsain agus PCBanna neamh-dhé-ocsainiúla i mbia-ábhair.	2025
122.	Rialachán (AE) 2017/644 an 5 Aibreán 2017 ón gCoimisiún lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil dé-ocsainí, PCBanna atá cosúil le dé-ocsain agus PCBanna neamh-dhé-ocsainiúla i mbia-ábhair áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 589/2014.	2025
123.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 503/2013 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2013 maidir le hiarratais ar údarú bia ghéinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 641/2004 agus (CE) Uimh. 1981/2006 ón gCoimisiún.	2025
124.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC).	2025
125.	Moladh 2003/598/CE ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2003 maidir le truailliú patúil i sú úll agus i gcomhábhair sú úll i ndeochanna eile a chosc agus a laghdú.	2026
126.	Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bia a chóireáiltear le radaíocht ianaíoch.	2026
127.	Treoir 1999/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le liosta Comhphobail de bhianna agus de chomhábhair bhia a ndéileáiltear leo le radaíocht ianaíoch a bhunú.	2026
128.	Rialachán (AE) Uimh. 907/2013 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2013 lena leagtar síos na rialacha i gcomhair iarratas a bhaineann le húsáid tuairisceoirí cineálacha (ainmníochtaí).	2026
129.	Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear i dtáirgeadh bia-ábhar agus comhábhar bia.	2026
130.	Rialachán (CE) Uimh. 450/2009 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2009 maidir le hábhair agus earraí gníomhacha agus cliste a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le bia.	2026
131.	Rialachán (AE) Uimh. 284/2011 ón gCoimisiún an 22 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha speisialta agus nósanna imeachta mionsonraithe chun earraí cistine plaisteacha polaimíde agus mealaimín ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó Sainréigiún Riaracháin Hong Cong iad nó a chuirtear chun bealaigh iad ón tSín nó ó Hong Cong, a allmhairiú.	2026
132.	Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 ón gCoimisiún an 27 Márta 2008 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006.	2026
133	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 321/2011 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2011 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le srian le húsáid Bisfeanól A i mbuidéil phlaisteacha beathaithe naíonán.	2026
	Roinn 3 – Cosaint plandaí	
134.	Moladh 2014/63/AE ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2014 maidir le bearta chun rialú a dhéanamh ar *Diabrotica virgifera virgifera* Le Conte, i limistéir de chuid an Aontais ina ndearbhaítear go bhfuil sé ann.	2015

135.	Treoir 2004/105/CE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2004 lena gcinntear samhlacha de dheimhnithe físeashláintíochta oifigiúla nó deimhnithe físeashláintíochta oifigiúla chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ó thríú tíortha atá á dtionlacan a ath-onnmhairiú agus a liostaítear i dTreoir 2000/29/CE ón gComhairle.	2015
136.	Treoir 92/90/CEE ón gCoimisiún an 3 Samhain 1992 lena mbunaítear oibleagáidí a bhfuil táirgeoirí agus allmhaireoirí plandaí, táirgí plandaí nó réad eile faoina réir agus lena mbunaítear sonraí maidir lena gclárú.	2016
137.	Rialachán (CE) Uimh. 1756/2004 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2004 lena sonraítear na coinníollacha mionsonraithe maidir leis an bhfianaise a cheanglaítear agus na critéir maidir le cineál agus leibhéal na seiceálacha sláinte plandaí ar phlandaí áirithe, ar tháirgí plandaí áirithe nó ar réada áirithe eile atá liostaithe i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle.	2018
138.	Treoir 92/70/CEE ón gCoimisiún an 30 Iúil 1992 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh suirbhéanna atá le déanamh chun críocha criosanna faoi chosaint a aithint sa Chomhphobal.	2018
139.	Treoir 93/51/CEE ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 1993 lena mbunaítear rialacha maidir le gluaiseachtaí plandaí, táirgí plandaí nó réad eile áirithe trí chrios cosanta agus maidir le gluaiseachtaí plandaí, táirgí plandaí nó réad eile den sórt sin de thionscnamh crios cosanta den sórt sin agus a ghluaiseann laistigh de chrios cosanta den sórt sin.	2018
140.	Treoir 68/193/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 maidir le margú ábhair le haghaidh iomadú fásúil na fíniúna.	2018
141.	Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le hábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí ornáideacha, seachas síolta, a mhargú.	2018
142.	Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh.	2018
143.	Treoir 2002/63/CE ón gCoimisiún an 11 Iúil 2002 lena mbunaítear modhanna samplála Comhphobail chun iarmhair lotnaidicídí i dtáirgí de bhunadh plandaí agus ainmhíoch, nó orthu, a rialú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Rialachán 79/700/CEE.	2018
144.	Treoir 66/401/LEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta plandaí farae a mhargú.	2019
145.	Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta gránach a mhargú.	2019
146.	Treoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus gléasraí torthaí atá ceaptha le haghaidh táirgeadh torthaí.	2019
147.	Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha a mhargú.	2019
148.	Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta biatais a mhargú.	2019
149.	Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta glasraí a mhargú.	2019
150.	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE ón gCoimisiún an 1 Márta 2012 maidir le bearta éigeandála chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh den Aontas.	2020
151	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/270/AE ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2012 maidir le bearta éigeandála chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Epitrix cucumeris* (Harris), *Epitrix papa* (Gentner), *Epitrix subcrinita* (Lec.) agus *Epitrix tuberis* (Gentner) laistigh den Aontas.	2020

152.	Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú.	2020
153.	Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú.	2020
154.	Cinneadh 81/675/CEE ón gCoimisiún an 28 Iúil 1981 lena mbunaítear gur 'córais neamh-in-athúsáidte' iad córais séalaithe áirithe de réir bhrí Threoracha 66/400/CEE, 66/401/CEE, 66/402/CEE, 69/208/CEE agus 70/458/CEE ón gComhairle.	2020
155.	Rialachán (CE) Uimh. 217/2006 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2006 lena leagtar síos rialacha do chur i bhfeidhm Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE maidir le húdarú na mBallstát chun margaíocht síolta a cheadú go sealadach, ar síol é nach gcomhlíonann na ceanglais maidir leis an ngéinmhodhnú íosta.	2020
156.	Rialachán (AE) Uimh. 284/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le táirgí cosanta plandaí, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh.	2020
157.	Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais lipéadaithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí.	2020
158.	Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhunú.	2020
159.	Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí.	2021
160.	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/535/AE ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 maidir le bearta éigeandála chun leathadh *Bursaphelenchus xylophilus* (Steiner et Buhrer) Nickle et al. (an néimeatóid adhmaid péine) laistigh den Aontas a chosc.	2022
161.	Cinneadh 80/755/CEE ón gCoimisiún an 17 lúil 1980 ag údarú faisnéis ordaithe a chlóbhualadh go doscriosta ar phacáistí de shíol gránaigh.	2022
162.	Treoir 2004/29/CE ón gCoimisiún an 4 Márta 2004 maidir leis na saintréithe agus na coinníollacha íosta a chinneadh i ndáil le hiniúchadh a dhéanamh ar chineálacha fíniúna.	2022
163.	Treoir 93/61/CEE ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar amach na sceidil ina sonraítear na coinníollacha atá le comhlíonadh ag ábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síolta de bhun Threoir 92/33/CEE ón gComhairle.	2022
164.	Treoir 93/62/CEE ón gComhairle an 5 Iúil 1993 lena leagtar amach na bearta cur chun feidhme maidir le maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar sholáthróirí agus ar bhunaíochtaí de bhun Threoir 92/33/CEE ón gComhairle maidir le margú ábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síol.	2022
165.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liosta na substaintí gníomhacha formheasta.	2022
166.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 541/2011 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2011 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta.	2022

167.	Cinneadh 2004/371/CE ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2004 maidir le coinníollacha chun meascáin síolta atá beartaithe lena n-úsáid mar phlandaí farae a chur ar an margadh.	2023
168.	Treoir 2008/124/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena dteorannaítear margú síolta de speicis áirithe plandaí farae agus plandaí ola agus plandaí snáithíneacha chuig síol a bhfuil sé deimhnithe go hoifigiúil gur 'síol bunaidh' é nó gur 'síol deimhnithe' é.	2023
169.	Treoir 2010/60/AE ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2010 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe ar mhargú meascán síolta plandaí farae atá beartaithe lena n-úsáid i gcaomhnú na timpeallachta nádúrtha.	2023
170.	Treoir Cur Chun Feidhme 2014/97/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle maidir le clárú soláthraithe agus cineálacha agus an liosta coiteann cineálacha.	2023
171.	Treoir 93/49/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 lena leagtar amach an sceideal ina sonraítear na coinníollacha atá le comhlíonadh ag ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus plandaí ornáideacha de bhun Threoir 91/682/CEE ón gComhairle.	2023
172.	Treoir 1999/66/CE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar amach ceanglais maidir leis an lipéad nó leis an doiciméad eile arna ndéanamh ag an soláthróir de bhun Threoir 98/56/CE ón gComhairle.	2023
173.	Treoir 1999/68/CE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar amach forálacha breise maidir le liostaí de chineálacha plandaí ornáideacha arna gcoinneáil ag soláthróirí faoi Threoir 98/56/CE ón gComhairle.	2023
174.	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle.	2023
175.	Rialachán (CE) Uimh. 2301/2002 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2002 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 1999/105/CE ón gComhairle maidir le cainníochtaí beaga síl a shainmhíniú.	2024
176.	Treoir 2003/90/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta.	2024
177.	Tá Cinneadh 2004/842/CE ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2004 maidir le rialacha cur chun feidhme lena bhféadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt síol a chur ar an margadh de chineál a ndearnadh iarratas ar é a chur isteach i gcatalóg náisiúnta na gcineálacha speiceas plandaí nó speiceas glasraí curtha isteach.	2024
178.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/384 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 maidir le hoiriúnacht na n-ainmníochtaí cineálacha de speicis plandaí talmhaíochta nó speicis glasraí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2009.	2024
179.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 208/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le ceanglais inrianaitheachta le haghaidh eascróg agus síolta atá beartaithe chun eascróga a tháirgeadh.	2024
180.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana le haghaidh substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún.	2025

181.	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/697/AE ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh an ghéinis Pomacea (Perry) laistigh den Aontas.	2025
182.	Treoir 93/50/CEE ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 1993 lena sonraítear plandaí áirithe nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn V, cuid A a ghabhann le Treoir 77/93/CEE ón gComhairle, a ndéantar a dtáirgeoirí, nó na stórais, lárionaid seolta i gcriosanna táirgthe na bplandaí sin, a liostú i gclár oifigiúil.	2025
183.	Treoir 2003/91/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/55/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe de speicis glasraí.	2025
184.	Treoir Cur Chun Feidhme 2014/20/AE ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2014 lena gcinntear gráid Aontais de phrátaí síl bunaidh agus de phrátaí síl deimhnithe, agus na coinníollacha agus na hainmnithe is infheidhme maidir leis na gráid sin.	2025
185.	Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2014 lena gcinntítear íoschoinníollacha agus gráid an Aontais maidir le prátaí síl réamh-bhunaidh.	2025
186.	Cinneadh 97/125/CE ón gCoimisiún an 24 Eanáir 1997 lena n-údaraítear faisnéis fhorordaithe a phriontáil go doscriosta ar phacáistí de shíol plandaí ola agus snáithíneacha agus lena leasaítear Cinneadh 87/309/CEE lena n-údaraítear faisnéis fhorordaithe a phriontáil go doscriosta ar phacáistí de speicis áirithe plandaí farae.	2025
187.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2020 maidir le cineálacha agus speicis plandaí le haghaidh plandú nach bhfuil díolmhaithe ón gceanglas maidir le cód inrianaitheachta do phasanna plandaí faoi Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/105/CEE ón gCoimisiún.	2025
188.	Cinneadh 2004/266/CE ón gCoimisiún an 17 Márta 2004 lena n-údaraítear faisnéis ordaithe a phriontáil go doscriosta ar phacáistí de shíol plandaí farae.	2026
189.	Treoir 2008/62/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe chun glacadh le pórtha dúchasacha agus cineálacha talmhaíochta atá curtha in oiriúint do na coinníollacha áitiúla agus réigiúnacha atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus chun síolta agus prátaí síl ó na pórtha dúchasacha agus na cineálacha sin a mhargú.	2026
190.	Treoir 2009/145/CE ón gCoimisiún an 26 Samhain 2009 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe, maidir le glacadh phórtha dúchasacha agus cineálacha glasraí a shaothraítear go traidisiúnta in áiteanna agus i réigiúin sonracha agus atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus maidir le glacadh cineálacha glasraí nach bhfuil aon luach intreach acu ó thaobh táirgeadh na mbarr tráchtála de ach a forbraíodh lena saothrú faoi choinníollacha ar leith, agus maidir le margú shíolta na bpórtha dúchasacha agus na gcineálacha sin.	2026
191.	Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail do chineálacha plandaí.	2026
192.	Rialachán (CE) Uimh. 1768/95 ón gCoimisiún an 24 Iúil 1995 lena gcuirtear chun feidhme rialacha maidir leis an díolúine talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 14 (3) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 maidir le cearta Comhphobail do chineálacha plandaí.	2026
193.	Rialachán (CE) Uimh. 874/2009 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha cur chun feidhme i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le himeachtaí os comhair na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí.	2026
194.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2020 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh Xylella fastidiosa laistigh den Aontas.	2026

195.	Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle	2027
196.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha le haghaidh na gcásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar sin na seiceálacha sin a dhéanamh agus ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar sin na seiceálacha sin a dhéanamh.	2027
197.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phointí trasnaithe teorann, lena n-áirítear lárionaid iniúchta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe a liostú.	2027
198.	Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leo, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le iniúchtaí oifigiúla.	2027
199.	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/829 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena n-údaraítear na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sealadacha i bhfianaise tástála oifigiúla, críocha eolaíochta nó oideachais, trialacha, roghnúcháin chineáil, nó pórú.	2027
200.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292.	2027